Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0068 (NLE)**

**8474/25**
**ADD 1**

**MAR 69**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7874/2/25 REV 2 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 132 final; COM(2025) 132 annex; COM(2025) 132 annex |
| Ábhar: | Iarscríbhinní a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt a bunaíodh de bhun Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stáit an Chalafoirt le linn na tréimhse 2025-2029 |

**<u>IARSCRÍBHINN 1</u>**

**An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i Meabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt**

TREOIRPHRIONSABAIL

Faoi chuimsiú Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, déanfaidh na Ballstáit sin atá faoi cheangal ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras an méid seo a leanas, thar ceann an Aontais:

(a) gníomhóidh siad i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2009/16/CE, go háirithe chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí, ar chosc an truaillithe, agus ar na dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge trí na Coinbhinsiúin agus na cóid idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm go dian chun an líon long atá faoi bhun an chaighdeáin a laghdú go suntasach;

(b) cuirfidh siad chun cinn cur chun feidhme cur chuige comhchuibhithe i measc na gcomhaltaí de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, ar ina leith a dhéanfar na caighdeáin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcás longa ar uiscí atá faoina ndlínse féin agus atá ag úsáid a gcuid calafort;

(c) rachaidh siad i mbun oibre laistigh de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras chun scéim chuimsitheach a bhaint amach mar aon le cóir-roinnt an ualaigh, go háirithe tríd an ngealltanas a ghlacadh cigireacht bhliantúil a dhéanamh, gealltanas arna tharraingt suas i gcomhréir leis an modheolaíocht chomhaontaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Meabhrán Comhthuisceana Pháras;

(d) áiritheoidh siad go mbeidh gach beart a ghlacfar laistigh de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, agus go háirithe leis na Coinbhinsiúin agus leis na cóid idirnáisiúnta a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le cosc an truaillithe, agus leis na dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge;

(e) cuirfidh siad chun cinn forbairt na gcineálacha éagsúla cur chuige coiteann i dteannta comhlachtaí eile atá i mbun rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt;

(f) áiritheoidh siad go mbeidh comhleanúnachas ann le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe sa chaidreamh seachtrach, an tslándáil, agus an comhshaol freisin.

**TREOIRLÍNTE**

Chun feidhmiú rianúil chóras an Aontais maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a áirithiú ó bhliain go bliain i gcomhréir le Treoir 2009/16/CE, féachfaidh na Ballstáit atá faoi cheangal ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras le tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas uaidh:

1. Glacadh na ngnéithe seo a leanas den phróifíl riosca loinge a úsáidtear chun a dhéanamh amach cé na soithí a ndéanfar cigireacht orthu:

(a) an liosta bán, liath agus dubh bratstát i gcomhréir leis an bhfoirmle arna forbairt ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 801/2010 ón gCoimisiún[1]. De réir Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2024/3099 lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, glacfaidh an Coimisiún rialachán cur chun feidhme ón gCoimisiún a chuirfear in ionad Rialachán (AE) 801/2010 ón gCoimisiún lena leagtar síos an mhodheolaíocht maidir le measúnú a dhéanamh ar pharaiméadair riosca chineálacha. Sa téacs nua sin, léireofar na cinntí a rinne, i bprionsabal le Meabhrán Comhthuisceana Pháras 2019 chun modh ríofa na foirmle a chuirtear i bhfeidhm i gcás an liosta bán, liath agus dubh bratstát a leasú, agus iad a athainmniú chuig liostaí ardfheidhmíochta, meánfheidhmíochta agus ísealfheidhmíochta. Táthar ag súil go nglacfaidh an Coimisiún an rialachán cur chun feidhme sin in 2027;

(b) liosta feidhmíochta de na heagraíochtaí aitheanta i gcomhréir leis an modheolaíocht a ghlac an Coiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt ag PSCC 37 i mí na Bealtaine 2004 (mír 4.5.2 ar an gclár oibre);

(c) meánchóimheas easnamh agus coinneála i ndáil le foirmle fheidhmíocht na gcuideachtaí ar bhonn na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 802/2010 ón gCoimisiún[2].

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 801/2010 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2010 lena gcuirtear Airteagal 10(3) de Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann le critéir an Stáit brataí (IO L 241, 14.9.2010, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 802/2010 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2010 lena gcuirtear Airteagal 10(3) agus Airteagal 27 de Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann le feidhmíocht na gcuideachtaí (IO L 241, 14.9.2010, lch. 4).

2. Glacadh aon athruithe nó nuashonruithe ar nósanna imeachta agus ar threoirlínte Mheabhrán Comhthuisceana Pháras a bhfuil éifeacht dlí acu, atá i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2009/16/CE, go háirithe chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí, ar chosc an truaillithe, agus ar na dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge.

**IARSCRÍBHINN 2**

**Sonraíochtaí ó bhliain go bliain ar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a bunaíodh de bhun Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt**

Roimh gach cruinniú bliantúil den Choiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a bunaíodh de bhun Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, tabharfar na céimeanna is gá ionas go n-áireofar sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gach faisnéis ábhartha arna seoladh chuig an gCoimisiún chomh maith le haon doiciméad atá le plé ag an gcruinniú maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais i gcomhréir leis na treoirphrionsabail agus na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Dá réir sin agus ar bhonn na faisnéise sin, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle, lena phlé agus lena fhormheas, doiciméad ullmhúcháin ina leagfar amach sonraí an tseasaimh atá beartaithe atá le glacadh thar ceann an Aontais, in am trátha roimh an gcruinniú den Choiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt.